



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Feabhra 2024
(OR. en)

10724/22

Comhad Idirinstiúideach:
2022/0184 (NLE)

COEST 499
POLCOM 71

GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

Ábhar: CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus Comhair Fheabhsaithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Poblacht na Círgise, den pháirt eile

CINNEADH (AE) 2024/...ÓN gCOMHAIRLE

an ...

**maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais,
an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus Comhair Fheabhsaithe idir
an tAontas Eorpach, de pháirt,
agus Poblacht na Círgise, den pháirt eile**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 207 agus 209, i gcomhar le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a), agus Airteagal 218(7) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa¹,

¹ IO C, ..., ELI: ...

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gcomhréir le Cinneadh (AE) .../... ón gComhairle²⁺, síníodh an Comhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair Feabhsaithe idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Círgise, den pháirt eile ('an Comhaontú') an ...⁺⁺, faoi réir an Comhaontú a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.
- (2) Is céim thábhachtach é an Comhaontú i dtreo rannpháirtíocht pholaitiúil agus eacnamaíoch mhéadaithe an Aontais san Áise Láir. Tríd an idirphlé polaitiúil a neartú agus an comhar a fheabhsú i raon leathan réimsí, leis an gComhaontú cuirfear bunús faoi rannpháirtíocht dhéthaobhach níos éifeachtaí le Poblacht na Círgise.
- (3) Ba cheart an Comhaontú a fhormheas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

² Cinneadh (AE) .../...ón gComhairle an ... maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus Comhair Fheabhsaithe idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Círgise, den pháirt eile (IO L, ..., ELI: ...).

⁺ IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an chinnidh i ndoiciméad ST 10659/22 ón gComhairle agus cuir isteach uimhir, dáta agus tagairt IO san fhonóta comhfhreagrach.

⁺⁺ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta sínithe an Chomhaontaithe.

Airteagal 1

Leis seo, déantar an Comhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair Feabhsaithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Poblacht na Círgise, den pháirt eile³⁺, a fhormheas thar ceann an Aontais.

Airteagal 2

Tabharfaidh Uachtarán na Comhairle, thar ceann an Aontais, an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 318(1) den Chomhaontú.

³ Foilsíodh téacs an Chomhaontaithe in IO L, ..., ELI: ...

⁺ IO: Cuir isteach san fhonóta, le do thoil, tagairt IO d'fhoilsiú an Chomhaontaithe atá i ndoiciméad ST 10660/22.

Airteagal 3

Chun críocha Airteagal 27(2) , pointe (a)(ii), den Chomhaontú, aon leasuithe ar na hÍarscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú a bhaineann le tásca geografacha a dhéanfar trí bhíthin cinntí ón gComhairle um Chomhar arna bunú leis an gComhaontú, ag gníomhú di i gCumraíocht Trádála, déanfaidh an Coimisiún na leasuithe sin a fhorghéar thar ceann an Aontais. I gcás nach féidir le páirtithe leasmhara teacht ar chomhaontú tar éis agóidí a bhaineann le tasc geografach, glacfaidh an Coimisiún seasamh ar bhonn an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 57(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴.

Airteagal 4

1. Maidir le hainm atá cosanta faoi Theideal IV, Caibidil 8, Roinn B, Foroinn 4 (Tásca Geografacha), den Chomhaontú, aon duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil táirgí talmhaíochta, earraí bia, fíonta, fíonta cumhraithe nó deochanna biotáilleacha atá i gcomhréir leis an tsonraíocht chomhfhreagrach á margú aige, féadfaidh an duine nádúrtha nó dlítheanach sin an t-ainm sin a úsáid.
2. I gcomhréir le hAirteagal 124 den Chomhaontú, déanfaidh na Ballstáit agus institiúidí an Aontais an chosaint dá bhforáiltear in Airteagail 119 go 123 den Chomhaontú a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear arna iarraidh sin do pháirtí leasmhar.

⁴ Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí (IO L 343, 14.12.2012, lch. 1).

Airteagal 5

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*
